

AN BHEAN MHÍN MHÁNLA

Bean a bhí ann fadó agus bhí mac aice. Cailleadh an mac, fuair sé bás. Níor leig sí lá thart nach raibh sí dá chaoineadh. San áit mhaith a raibh an mac – creidim gur sna flaithis a bhí sé – caitheadh amach é agus cuireadh ins an seomra é ina Phíobaire aice. Sheinn sé port annsin.

A bhean mhín mhánla
cuimhnigh gur crádhadh máthair íosa
bí go maith leis na boicht agus ná bí a síor-ghol tríomsa
ní rinne tú díom,
ach smután giúsaighe
mar sháithfeá sa ngríosaigh
iomtheochaidh an saoghal laimhe go hiomlán
agus ní dhéanfar dearmad díot-sa.

Labhair sí annsin leis. “Ní féidir gur tú mo mhac?” adeir sí. Dubhairt sé gurb é. Gach deoir a shil tú bhí sé a dul triomsa mar braon luaidh a sgaoilfidhe ar dhuine ar sé. Mhol sé bheith a rádh urnaidhthe agus go mb’fhéidir go dtiubhradh Dia ar ais arís é san áit a raibh sé roimhe sin.